

**Treoirlíne na gCoimisinéirí Ioncaim le haghaidh Comhairleoirí
Próisis (CP) um phleananna tharrthála atá beartaithe faoi Acht na
gCuideachtaí (An Próiseas Tarrthála le haghaidh Cuideachtaí Beaga
agus Micreachuideachtaí), 2021**

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Réamhrá

Le hAcht na gCuideachtaí (An Próiseas Tarrthála le haghaidh Cuideachtaí Beaga agus Micreachuideachtaí) 2021, tugtar 'Próiseas Tarrthála Riaracháin le haghaidh Cuideachtaí Beaga' (PTRCB) isteach chun cúnamh a thabhairt do chuideachtaí beaga agus micreachuideachtaí inmharthana, cé gur dómhainneach fós iad, a d'fhéadfadh a bheith faoi leachtú murach sin, a gcuid fiachas a athstruchtúrú. Caithfidh na stiúrthóirí a teaspaint go bhfuil na creidiúnaithe níos fearr ó thaobh cúrsaí airgeadais de faoin scéim ná i leachtú.

Cé go bhfuil sé bunaithe ar shamhail na Scrúdaitheoireachta, ceapadh an próiseas nua seo chun tarrtháil agus athstruchtúrú níos insriochte agus níos inacmhainne a chur ar fáil do chuideachtaí atá inmharthana, go bunúsach, ach a bhfuil deacrachtaí sealadacha acu. Is den ríthábhacht i gcónaí é a shuíomh go bhfuil ionchas réasúnach marthanais ag an gcuideachta.

Ullmhaíodh an nóta treorach seo chun próiseas cuíchóirithe agus éifeachtúil a chinntiú idir na Coimisinéirí Ioncam agus na Comhairleoirí Próisis atá ag feidhmiú sa timpeallacht seo

Cúlra

Tá nósanna imeachta dhea-fhorbartha ag na Coimisinéirí Ioncaim cheana féin chun déileáil le cuideachtaí nach gcomhlíonann nó nach bhféadann a n-oibleagáidí cánach a chomhlíonadh. Áirítear leis na nósanna imeachta seo Cásuibrithe ainmnithe a cheapadh do chásanna aonair ina bhfuil fiachais chánach agus idirghabhálacha formhéadúcháin a chur i bhfeidhm nuair is cuí chun comhlíontacht a chinntiú, lena n-áirítear Socraíochtaí Tráthíocaíochtaí, ús a ghearradh, agus fiachas a aisghabháil trí fhorfheidhmiú nuair is gá. Braitheann feidhmiú na straitéisí éagsúla ar an leibhéal rannpháirtíochta a bhíonn ann agus ar leibhéal an fhiachais cánach atá i mbaol.

Lean na naisc le haghaidh tuilleadh treorach ar **Bhainistiú Fiachais** agus **Forfheidhmiúchán**.

Nósanna Imeachta

Ar mhaithe le rannpháirtíocht shoiléir shruthlíneach á áirithiú idir na Coimisinéirí Ioncaim agus na príomh-gheallsealbhóirí atá ag feidhmiú i dtimpeallacht SCARP, is é an tAonad Dócmhainneachta i Rannóg an Ard-Bhailitheora a bheidh mar an gcéad phointe teagmhála do gach fiosrú. Féadtar teagmháil a dhéanamh leis an Aonad trí MoChúrsaí, SCARP@revenue.ie. Sa chás go ndéanann Comhairleoir Próisis (CP) teagmháil leis an Aonad Dócmhainneachta i ndáil le cuideachta shonrach, teastóidh údarás chun gníomhú ón gCásuibrí chun a chumasú dó/di na ceistanna cuí a phlé leis an gcomhairleoir. Is é an tAonad Dócmhainneachta, in éineacht lena lucht bainistíochta nuair is gá, a dhéanfaidh cinntí maidir le rogha gan a bheith páirteach a fheidhmiú maidir le haon socraithe beartaithe.

Áirítear fiachas de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim mar “fhiach ineisiata” faoi alt 558L(4) den Acht. Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim diúltú a bheith páirteach i socraíocht ar na forais seo a leanas:

- (a) gur mhainnigh an chuideachta incháilithe ceanglas i ndáil le cáin a fhorchuirtear tráth ar bith a chomhlíonadh
- (b) tá iniúchadh nó idirghabháil de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim fós ar bun i dtaobh na cuideachta,
- (c) gur páirtí in achomharc i ndáil le ceanglas a bhaineann le cáin í an chuideachta incháilithe.

Áirítear i measc na samplaí de chásanna faoi (a) tuairisceáin amuigh nó drochstair chomhlíontachta chánach.

Molann na Coimisinéirí Ioncaim do CPí a bheith i dteagmháil chomh luath agus is féidir le linn na céime ullmhúcháin. Beidh cumarsáid den chineál sin ina cabhair ó thaobh an riachtanais a shoiléiriú agus ó thaobh na féidearthachta a mhéadú go mbeadh na Coimisinéirí Ioncaim toilteanach an fiachas a chur san áireamh. Iniata leis na hAguisíní tá breacchuntas ar an eolas a theastóidh ó Chásoibrí na gCoimisinéirí Ioncaim, le bheith in ann cinneadh a dhéanamh. Ní mór an fhoirm seo a chomhlánú agus a thíolacadh chun cabhrú leis an bpróiseas cinnteoireachta. Tá sé tábhachtach a thabhairt do d’aire, i gcúinsí ina loiceann an CP an leibhéal riachtanach eolais a chur ar fáil, nach mbeidh an dara rogha ag an gCásoibrí ach diúltú a bheith páirteach sa socraíocht.

Ní mór don CP na himpleachtaí uile cánach a mheas agus iad ag dul isteach ar SCARP. Áirítear ina measc siúd:

- Bainfear aon fhiachas a bhaineann leis na Coimisinéirí Ioncaim laistigh de SCARP go huathoibríoch ón Stórasú Fiachais
- I ndiaidh tús a chur leis an bpróiseas seo, déanfaidh an chuideachta a gcuid tíolachtaí agus a gcánacha a íoc de réir mar a éiríonn siad de bheith dlite (ar a dtugtar cánacha reatha orthu). Má loiceann siad a gcánacha a thíolacadh agus a íoc, is léiriú soiléir é seo nach bhfuil ionchas réasúnach marthanais ag an gcuideachta
- Alt 62A den VATCA 2010
- Alt 997A Impleachtaí ar Stiúrthóirí na Cuideachta.

Má loiceann cuideachta a dtuairisceáin a dhéanamh agus na híocaíochtaí cuí i leith cánacha reatha a dhéanamh, cuirfidh an Cásoibrí Dócmhainneachta é seo in iúl don CP. Mura dtabharfar aghaidh ar neamhchomhlíontacht, féadfaidh sé go ndéanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim iarratas chun na Cúirte chun agóid a dhéanamh i gcoinne leanúint ar aghaidh an phróisis nó chun an cuideachta a chur faoi leachtú/ghlacadóireacht.

Cloífidh na Coimisinéirí Ioncaim lena ndualgais d’Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus déanfaidh siad aon choir faoin Acht a thuirisciú.

Íocaíocht Díbhinne

Ba chóir gach íocaíocht a dhéanamh trí Ríomhaistriú Airgid. Seo a leanas na sonraí le haghaidh íocaíochtaí Ríomhaistrithe Airgid / Gíoró a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Ainm an chuntais: Office of the Revenue Commissioners – UTD EFT – Public Bank Account.

Banc: Danske Bank, Teach Idirnáisiúnta, 3 Plás Mháistir an Chuain, IFSC, Baile Átha Cliath 1.

BIC: DABAIE2D

IBAN: IE37DABA95159920003514

NÓTA: Ní mór ainm na cuideachta, uimhir chlárúcháin agus cineál na cánach a chur san áireamh le d'íocaíocht chun leithdháileadh ceart agus pras a chinntiú. Nuair a dhéantar íocaíocht, agus le cinntiú go dtugtar cuntas ceart i leith na híocaíochta, iarrtar ort na sonraí seo a leanas a sheoladh trí "M'Fhiosruithe" chuig: moneytrans@revenue.ie

Sonraí atá ag teastáil ó na Coimisinéirí Ioncaim:

- IBAN agus BIC ar seoladh an íocaíocht chuige (ón liosta thuas)
- An dáta a rinneadh an íocaíocht
- UPSP do chliaint agus an tréimhse chánach lena mbaineann an íocaíocht
- An tsuim Euro a aistríodh

**Eolas a theastaíonn ó na Coimisinéirí Ioncaim don Scéim um Phróiseas
Tarrthála Riaracháin le haghaidh Cuideachtaí Beaga**

CUID 1 - Sonraí na Cuideachta

Ainm na Cuideachta	
Seoladh Cláraithe	
Uimhir Cánach Corparáide:	
Uimhir CRO	
An bhfuil gach tuairisceán cánach cothrom le dáta	Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/> <i>*más 'Níl' an freagra, bí cinnte sonraí ar na tuairisceáin amuigh agus aon dlíteanas breise a chur san áireamh</i>
An bhfuil an CP ar an eolas faoi haon Idirghabháil Comhlíontachta Leanúnach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim	Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/>
Sonraí ar Idirghabháil Comhlíontachta Leanúnach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim	

CUID 2 – Comhairleoir Próisis			
Ainm			
Seoladh			
Sonraí Teagmhála	Fón		Ríomhphost
Údarás chun Gníomhúthar ceann na cuideachta *cuir cóip leis	Déanta <input type="checkbox"/> Níl sé déanta <input type="checkbox"/>		

CUID 3 – Plean Tarrhála

<p>An gcomhlíonann an cuideachta na riachtanais faoin Acht</p>	<ul style="list-style-type: none"> • gur cuideachta bheag nó micreachuideachta í an cuideachta <input type="checkbox"/> • níl an cuideachta in ann, nó nach bhfuitear ag súil go mbeifear in ann, a fiachais a íoc <input type="checkbox"/> • gur cuideachta inmharthana í an cuideachta agus go bhfuil ionchas réasúnach marthanais aici <input type="checkbox"/> • níl réiteach ann d'fhoirceannadh na cuideachta <input type="checkbox"/> • níl ordú déanta d'fhoirceannadh na cuideachta <input type="checkbox"/> • níl an cuideachta tar éis leas a bhaint as an bpróiseas tarrthála riaracháin le haghaidh cuideachtaí beaga sna cúig bliana féilire roimhe. <input type="checkbox"/>
<p>Go gcomhlíonann an cuideachta le dhá cheann den chritéar seo a leanas:</p>	<ul style="list-style-type: none"> • níl láimhdeachas na cuideachta níos mó ná €12 milliún <input type="checkbox"/> • níl iomlán chlár chomhardaithe na cuideachta níos mó ná €6 milliún <input type="checkbox"/> • níl meánlíon na bhfostaithe níos mó ná 50 <input type="checkbox"/>
<p>Tá fíorfhiosrúchán iomlán déanta ag stiúrthóirí cuideachta maidir le cúrsaí na cuideachta agus go bhfuil siad fíor agus cóir</p>	<p>Is fíor sin <input type="checkbox"/> Ní fíor sin <input type="checkbox"/></p>
<p>Tá Ráiteas faoi Chúrsaí iniata</p>	<p>Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/></p>

**Deimhniú go ndéanfaidh an
Cuideachta cánacha reatha a
thíolacadh agus a íoc de réir mar a
éiríonn siad de bheith dlite le linn an
phróisis**

Déanfaidh

Ní dhéanfaidh